Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2026
(OR. en)

10030/26

LIMITE

AELE 36
MC 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0128(NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le gníomhartha Comhphobail áirithe a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó a bhaineann le leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le gníomhartha Comhphobail áirithe a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó a bhaineann le leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2003/885/CE ón gComhairle an 17 Samhain 2003 i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Gníomhartha Comhphobail áirithe a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó[1], agus go háirithe Airteagal 3(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

1 IO L 332, 19.12.2003, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2003/885/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le gníomhartha áirithe de chuid an Chomhphobail a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó[2] ('an Comhaontú') i gcrích an 1 Bealtaine 2004.

(2) De bhun Airteagal 1(1) den Chomhaontú, is féidir leis an gComhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 3(1) de ('an Comhchoiste') an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú a leasú chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag gníomhartha de chuid an Aontais a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe maidir le críoch Phrionsacht Mhonacó.

(3) An Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú, leasaíodh go deireanach í le Cinneadh Uimh. 1/2013 ón gComhchoiste[3]. Ó glacadh an Cinneadh sin, ghlac an tAontas roinnt gníomhartha a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe, agus aisghaireadh gníomhartha áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú. Tá sé beartaithe go nglacfaidh an Comhchoiste, trí nós imeachta i scríbhinn, cinneadh lena leasófar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú chun na gníomhartha nua a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe a chur san áireamh agus chun na gníomhartha a aisghaireadh a bhaint ('an Cinneadh ón gComhchoiste').

(4) Beidh éifeachtaí dlíthiúla don Aontas ag an gCinneadh ón gComhchoiste, má ghlactar é.

---

[2] IO L 332, 19.12.2003, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2003/885/oj.

[3] An Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le gníomhartha áirithe Comhphobail a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó ("an Comhaontú"), thug an Comhphobal i gcrích é trí bhíthin Chinneadh 2003/885/CE ón gComhairle (IO L 279, 19.10.2013, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/513/oj).



PUBLIC

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh i dtionól an Chomhchoiste maidir leis na leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i dtionól an Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 3(1) den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le gníomhartha áirithe de chuid an Chomhphobail a chur i bhfeidhm ar chríoch Phrionsacht Mhonacó,, beidh sé bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste (‘an Cinneadh ón gComhchoiste’) atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Féadfar mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach sa dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis seo a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh ón gComhchoiste in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*